



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,  
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta  
Department of Arts, Heritage,  
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs



## Speisialtóir Tacaíochta Digití Tionscadail (Cúntóir Riaracháin Sinsearach)

Oibreoidh an Speisialtóir Tacaíochta Digití Tionscadail go príomha ar thionscadal de chuid DCU, Fáilte ar Líne. Beifear ag tógáil ar fhorbairtí reatha ceannródaíocha i réimse na foghlama digití sa Ghaeilge sa tionscadal seo agus cuirfear deis mhealltach ar fáil don té a cheapfar sa ról cur go mór leis an bhfoghlaim ar líne. Beidh tú ag feidhmiú faoi stiúir an Phríomhthaighdeora agus beidh tú ag obair go dlúth le meitheal an tionscadail .i. le lucht acadúil, teicneolaithe foghlama, taighdeoirí, comhairleoirí seachtracha agus rannpháirtithe eile le spriocanna Fáilte ar Líne a bhaint amach. Conradh suas le 3 bliana é seo atá le tosú nuair a cheapfar duine sa ról.

### Dualgais:

- Réitigh nuálacha foghlama a chruthú agus a fhorbairt trí mheán na Gaeilge mar chuid de mheitheal oibre
- Taighde a dhéanamh ar threochtaí san fhoghlaim dhigiteach agus réitigh chuí a chur i bhfeidhm
- Aschuir an tionscadail a bhainistiú agus a chur ar fáil ar ardchaighdeán agus ar sprioc
- Tástáil inúsáidteachta agus tástáil ar an eispéireas úsáideora a riar
- Cur le gníomhaíochtaí margaíochtaí an tionscadail, na nithe sonracha seo a leanas san áireamh: ábhar margaíochta a sheoladh ar shuíomh Idirlín an tionscadail, ar na meáin shóisialta agus ar bhealaí traidisiúnta margaíochta eile
- Suirbhéanna taighde margaíochta ar líne a dhéanamh go rialta agus na saintorthaí a thuairisciú
- Aschuir taighde a fhorbairt, a scaipeadh agus a chur ar fáil faoi stiúir an Phríomhthaighdeora
- Dualgais riaracháin an tionscadail a chur i gcrích
- Dualgais eile a dhéanamh ó thráth go chéile de réir threoir agus riachtanais an Príomhthaighdeora

### Taithí agus Riachtanais:

Ní mór don iarrthóir bheith eolasach ar thimpeallachtaí fóirúla foghlama agus cur amach maith a bheith aige nó aici ar réimse na foghlama digití. Tá bunchéim nó Máistreacht a bhfuil sruth digiteach nó teicneolaíocht na faisnéise inti inmhianaithe. Beidh ardscoiléanna Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, ag an iarrthóir rathúil.

### Riachtanais Scileanna

- Tuiscint ghlinn a léiriú ar na teicneolaíochtaí ábhartha atá riachtanach chun an fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a chothú
- Ardscoiléanna digiteacha a bheith agat
- Scileanna idirphearsanta den scoth agus an cumas caidreamh oibre éifeachtúil a chothú leis an bhfhoireann
- An inniúlacht a bheith ionat feidhmiú mar bhall d'fhoireann ilchineálach
- Bheith in ann tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus d'ualach oibre a bhainistiú go héifeachtúil
- Scileanna teanga den scoth a léiriú sa Ghaeilge
- Bheith sásta taisteal idir campais éagsúla agus oibriú taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre nuair is gá

Scála Tuarastail: €45,452-€48,184

*Déanfar an ceapachán de réir cáilíochtaí agus taithí ar an bpointe cuí den scála tuarastail, faoi réir pholasaí pá reatha an Rialtais.*

Spríodhata le haghaidh iarratas: 16 Feabhra 2017

**Ba chóir fiosrúcháin neamhfhoirmeálta faoin ról seo a dhéanamh le:**

An Dr Mairéad Nic Giolla Mhichíl

Léachtóir Sinsearach agus Comhalta Taighde

An Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach & Fiontar agus Scoil na Gaeilge,

Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta

Rphost: mairéad.nicgiollamhicial@dcu.ie; Fón: +353 (0)1 700 6143.

**Modh Iarratais**

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar an suíomh *DCU Current Vacancies (open Competitions)* ag <http://www.dcu.ie/vacancies/current.shtml> agus ón Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Ghlas Naíon DCU, BÁC 9, Éire. Fón: +353 (0) 1 700 5149.

Luaigh go soiléir sa líne ábhair den rphost agus san iarratas féin an ról a bhfuil tú ag cur isteach air, an tagairt phoist san áireamh: Tag. #485 Speisialtóir Tacaíochta Digití Tionscadail.

Ba chóir iarratais a sheoladh de rphost chuig [hr.applications@dcu.ie](mailto:hr.applications@dcu.ie) nó le facs: +353 (0)1 700 5500 nó sa ghnáthphost chuig An Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Ghlas Naíon DCU, BÁC 9, Éire.

Tá an tionscadal seo á chómhaoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, faoi scáth chlár Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

**Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.**